Euro Summit

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2015**

Ábhar:: Ráiteas ó Chruinniú Mullaigh an Limistéir Euro
An Bhruiséil, 12 Iúil 2015

Is den riachtanas é muinín a athbhunú le húdaráis na Gréige má táthar le clár nua de chuid an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh (SCE) a chaibidliú. Chuige sin, is den tábhacht é go mbeadh "úinéireacht" i gceist ó thaobh údaráis na Gréige de agus beidh gealltanais ó thaobh an bheartais ag teastáil freisin roimh aon chur chun feidhme.

Aon Bhallstát a iarrann cúnamh airgeadais ar an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, meastar gur cheart dó, nuair is féidir sin, a mhacasamhail d'iarraidh a chur chuig an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta[1]. Is réamhchoinníoll é sin le go gcomhaontóidh Grúpa an Euro clár nua SCE.

Ráite gur gá muinín a athbhunú leis an nGréig, is díol sásaimh do Chruinniú Mullaigh an Limistéir Euro gur gheall údaráis na Gréige céadtacar de bhearta a chur sa reachtaíocht láithreach. Bearta iad atá lán-chomhaontaithe leis na hInstitiúidí roimh ré, mar atá:

[1] Conradh SCE, aithris (8).

*faoin 15 Iúil*

- sruthlíniú an chórais CBL agus an t-ioncam a mhéadú tríd an mbonn cánach a leathnú;
- bearta láithreacha chun inbhuanaitheacht fhadtréimhseach chóras na bpinsean a fheabhsú mar chuid de chlár cuimsitheach d'athchóiriú chóras na bpinsean;
- neamhspleáchas iomlán an Údaráis Staidrimh Heilléanaigh a chaomhnú;
- na forálacha ábhartha den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe trína chinntiú go mbeidh an Chomhairle Bhuiséadach ag feidhmiú sula gcuirfear bailchríoch ar an Meabhrán Tuisceana agus laghduithe caiteachais a thabhairt isteach ar bhealach atá geall le bheith uathoibríoch i gcás go n-imeofaí ó spriocanna uaillmhianacha príomhbharrachais tar éis comhairle a fháil ón gComhairle Bhuiséadach agus faoi réir a formheas roimh ré ó na hInstitiúidí;

*faoin 22 Iúil*

- glacadh Chód an Nós Imeachta Shibhialta, arb é atá ann ollchóiriú ar nósanna imeachta agus socruithe don Chóras Ceartais Shibhialta, lenar féidir dlús nach beag a chur leis an bpróiseas breithiúnach agus costais a laghdú;
- go ndéanfai an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc a thrasuí, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

Ach an chéad cheithre bhearta thuasluaite a bheith curtha chun feidhme ó thaobh dlí de, agus gealltanais uile an doiciméid seo a bheith formhuinithe ag Parlaimint na Gréige, agus fíoraithe ag na hInstitiúidi agus Grúpa an Euro, agus ansin amháin, féadfar sainordú a thabhairt, láithreach bonn, do na hInstitiúidí Meabhrán Tuisceana a chaibidliú. Dhéanfaí an cinneadh sin ach na nósanna imeachta náisiúnta a bheith curtha i gcrích agus na réamhchoinníollacha in Airteagal 13 den Chonradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach a bheith comhlíonta ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 13.1

Mar bhonn le go bhféadfar an Meabhrán Tuisceana a thabhairt chun críche ar bhealach rathúil, caithfear cur go mór lena bhfuil á thairiscint ag an nGréig ó thaobh bearta athchóirithe de i bhfianaise na caoi a bhfuil staid eacnamaíoch agus bhuiséadach na tíre imithe go mór chun donais le bliain anuas. Caithfidh rialtas na Gréige a ghealladh go foirmiúil go gcuirfidh siad lena gcuid moltaí i roinnt réimsí, a mbeidh sainaitheanta ag na hInstitiúidí, agus go ndéanfar sin de réir tráthchlár sásúil, soiléir reachtaíochta agus cur chun feidhme, lena n-áirítear tagarmharcanna struchtúracha, clocha míle agus tagarmharcanna cainníochtúla, le gur soiléir treo na mbeartas sa ghearrthéarma. Caithfidh an rialtas, i gcomhaontú leis na hInstitiúidí, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- athchóirithe uaillmhianacha a dhéanamh ar chóras na bpinsean agus beartais a shainiú le go bhféadfar an tionchar fioscach a bhí ag rialú na Cúirte Bunreachtúla i ndáil le hathchóiriú chóras na bpinsean 2012 a chúiteamh agus an clásal faoi easnamh nialais a chur chun feidhme, é sin nó bearta malartacha a bheidh inghlactha go frithpháirteach, faoi Dheireadh Fómhair 2015;
- athchóirithe níos uaillmhianaí a dhéanamh ar na margaí táirgí le clár ama soiléir chun na moltaí uile i sraith straitéisí I den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) a chur chun feidhme, lena n-áirítear trádáil an Domhnaigh, tréimhsí díolacháin, úinéireacht chógaslann, bainne agus siopaí báicéireachta, seachas táirgí cógaisíochta thar an gcuntar, ábhar a gcuirfear chun feidhme sa chéad chéim eile, chomh maith le gairmeacha dúnta, maicrea-chriticiúla a oscailt (e.g. seirbhísí farantóireachta). San obair leantach ar shraith straitéisí II ECFE, ní mór an mhonaróireacht a áirithiú sa réamhghníomhaíocht;
- sna margaí fuinnimh, gabháil ar aghaidh le príobháidiú oibreoirí an líonra tarchurtha leictreachais (ADMIE), ach amháin i gcás ina bhféadfar teacht ar bhearta ionadaíocha a mbeidh éifeacht choibhéiseach leo ar an iomaíochas, de réir mar a bheidh comhaontaithe ag na hInstitiúidí;
- dian-athbhreithnithe agus nuachóiriú a ghabháil de láimh i margaí an tsaothair ar chomhargáil, ar ghníomhú tionsclaíoch agus, i gcomhréir leis an Treoir ábhartha ón Aontas Eorpach agus leis an scothchleachtas, an dífhostú coiteann i gcomhréir leis an tráthchlár agus leis an gcur chuige arna gcomhaontú leis na hInstitiúidí. Ar bhonn na n-athbhreithnithe sin ba cheart beartais mhargadh an tsaothair a ailíniú leis an gcleachtas is fearr atá ann go hidirnáisiúnta agus san Eoraip agus níor cheart filleadh ar shocraithe an bheartais mar a bhí, nach bhfuil ag teacht leis na spriocanna go gcuirfí an fás inbhuanaitheach agus cuimsitheach chun cinn;

- na céimeanna is gá a ghlacadh chun an earnáil airgeadais a neartú, lena n-áirítear gníomhaíocht chinntitheach maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha agus bearta chun rialachas na Saoráide Heilléanaí um Chobhsaíocht Airgeadais (HFSF) agus na mBanc a neartú, go háirithe trí dheireadh a chur le haon deis a bheadh ann cur isteach polaitiúil a dhéanamh, go háirithe i bpróisis ceapacháin.

Ina theannta sin, déanfaidh údaráis na Gréige an méid seo a leanas:

- clár maidir le príobháidiú a fhorbairt a bheidh scálaithe suas go suntasach agus lena ngabhfaidh rialachas feabhsaithe; déanfar sócmhainní luachmhara de chuid na Gréige a aistriú chuig ciste neamhspleách a chuirfidh luach airgid ar na sóchmhainní trí phríobháidiú agus trí mhodhanna eile. Trí luach airgid a chur ar na sóchmhainní, beidh foinse amháin ann chun an íocaíocht ar an iasacht nua ón Sásra Cobhsaíochta Eorpach atá sceidealaithe a dhéanamh agus leis sin déanfar iomlán spriocdhírithe de EUR 50bn a ghiniúint thar tréimhse na hiasachta nua, as an méid sin úsáidfear EUE 25bn chun athchaipitliú na mbanc agus sóchmainní eile a aisíoc agus úsáidfear 50% de gach euro a bheidh fágtha (i.e. 50% de EUR25bn) chun an fiachas a laghdú go cóimheas OTI agus úsáidfear an 50% eile chun infheistíocht a dhéanamh.

  Sa Ghréig a bhunófaí an ciste sin agus is iad údaráis na Gréige a dhéanfadh bainistiú ar an gCiste sin faoi mhaoirseacht Institiúidí ábhartha an Aontais. I gcomhréir leis na hInsitiúidí agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, ba cheart go nglacfaí creat reachtach chun nósanna imeachta trédhearcacha agus praghsanna leora díola ar shócmhainní a áirithiú, i gcomhréir le prionsabail agus le caighdeáin an Eagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta maidir le Sóchmhainní faoi Úinéireacht Stáit a bhainistiú;
- i gcomhréir le huaillmhianta rialtas na Gréige riarachán na Gréige a nuachóiriú agus a neartú go suntasach, agus clár a chur ar bun, faoi choimirce an Choimisiúin Eorpaigh, le haghaidh fothú acmhainní agus riarachán na Gréige a dípholaitiú. Ba cheart an chéad togra a chur ar fáil faoin 20 Iúil tar éis plé a dhéanamh leis an hInstitiúidí. Tá rialtas na Gréige tiomanta do chostais riarachán na Gréige a laghdú tuilleadh, i gcomhréir le sceideal a chomhaontófar leis na hInstitiúidí;

- modhanna oibre leis na hInstitiúidí a normalú go hiomlán, lena n-áirítear an obair is gá ar an láthair san Aithin, chun cur chun feidhme an chláir agus an faireachán a dhéanfar air a fheabhsú. Is gá don rialtas dul i gcomhairle leis na hInstitiúidí agus teacht ar chomhaontú leo faoin dréachtreachtaíocht uile i réimsí ábhartha, agus dóthain ama a bheith ann, sula dtíolacfaidh sé í le haghaidh comhairliúchán poiblí nó don Pharlaimint. Cuireann Cruinniú Mullaigh an Limistéir Euro i bhfáth an athuair go bhfuil an cur chun feidhme ríthábhachtach, agus sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chruinniú go bhfuil sé i gceist ag údaráis na Gréige tacaíocht a iarraidh ó na hInstitiúidí agus ó na Ballstáit faoin 20 Iúil le haghaidh cúnamh teicniúil, agus iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach an tacaíocht sin ón Eoraip a chomhordú;
- Cé is moite den bhille maidir leis an ngéarchéim dhaonnúil, déanfaidh rialtas na Gréige cúrsaí a athscrúdú d'fhonn reachtaíocht a leasú a tugadh isteach i gcoinne chomhaontú an 20 Feabhra trí dhul siar ar ghealltanais cláir a bhí ann roimhe sin nó trí choibhéisí cúiteacha a shainaithint maidir leis na leasanna dílsithe a cruthaíodh ina dhiaidh sin.

Tá na gealltanais atá thuasluaite mar íoscheanglais chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le húdaráis na Gréige. Shoiléirigh Cruinniú Mullaigh an Limistéir Euro, áfach, nach gcuirfear cosc, le tús na caibidlíochta, le haon chomhaontú a bhféadfaí teacht air faoi chlár nua de chuid an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh (SCE), nach mór a bhunú ar chinneadh faoin bpacáiste iomlán (lena n-áirítear riachtanais mhaoiniúcháin, inbhuanaitheacht fiachais agus maoiniúchán féideartha idirlinne).

Tugann Cruinniú Mullaigh an Limistéir Euro dá aire go bhféadfadh sé go mbeadh maoiniú idir EUR 82bn agus EUR 86bn ag teastáil don chlár, de réir mar a mheas na hInstitiúidí. Iarrann sé ar na hInstitiúidí féachaint an bhféadfar an t-imchlúdach maoiniúcháin a laghdú, trí chonair mhalartach bhuiseádach nó trí fháltais níos airde ón bpríobháidiú. Tríd an rochtain ar na margaí a athshlánú, ar cuspóir aon chláir chúnaimh airgeadais é, laghdófar ar an ngá úsáid a bhaint as an imchlúdach iomlán maoiniúcháin. Tugann Cruinniú Mullaigh an Limistéir Euro dá aire na riachtanais phráinneacha mhaoiniúcháin atá ag an nGréig, rud a fhágann gur gá dul chun cinn a dhéanamh go fíorghasta chun cinneadh a dhéanamh maidir le meabhrán nua comhaontuithe: meastar go mbeidh EUR 7bn faoin 20 Iúil i gceist leis na riachtanais sin agus EUR 5bn faoi lár mhí Lúnasa.

Aithníonn Cruinniú Mullaigh an Limistéir Euro a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhféadfaidh leis an nGréig na riaráistí atá aici maidir le CAI agus Banc na Gréige a ghlanadh agus na hoibleagáidí fiachais atá aici a chomhlíonadh sna seachtainí atá romhainn amach chun dálaí a chruthú lena bhféadfar an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích go rianúil. Mura dtabharfar an chaibidlíocht i gcrích go gasta, beidh na rioscaí iomlána ann don Ghréig ina cáil cheannasach i gcónaí. Iarrann an Cruinniú Mullaigh faoin Euro ar an nGrúpa Euro na hábhair sin a phlé mar ábhar práinne.

I bhfianaise na ndúshlán mór atá in earnáil airgeadais na Gréige, ba ghá go ndéanfaí bunú mhaolán EUR 10 go 25 bn don earnáil bhaincéireachta a áireamh in imchlúdach iomlán chlár nua SCE a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ag na bainc maidir le hathchaipitliú agus ar na costais réitigh a d'fhéadfadh a bheith acu, agus chuirfí EUR 10 bn den mhaolán sin ar fáil láithreach i gcuntas leithscartha ag SCE.

Is eol do Chruinniú Mullaigh an Limistéir Euro go bhfuil cinneadh gasta maidir le clár nua mar choinníoll chun go bhféadfaidh na bainc oscailt an athuair, agus ar an gcaoi sin, ní bheadh gá leis an imchlúdach airgeadais iomlán a mhéadú. Déanfaidh BCE/an Sásra Maoirseachta Aonair measúnú cuimsitheach tar éis an tsamhraidh. Leis an maolán iomlán, freastalófar ar easnaimh chaipitil a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis an mheasúnaithe chuimsithigh i ndiaidh an creat dlíthiúil a chur i bhfeidhm.

Tá inbhuanaitheacht fhiachas na Gréige ina ábhar mór imní. Is é maolú na mbeartas le bliain anuas is cúis leis sin, rud a d'fhág go ndeachaigh an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais in olcas le déanaí. Meabhraíonn Cruinniú Mullaigh an Limistéir Euro gur ghlac Ballstáit an Limistéir Euro, le blianta beaga anuas, tacar suaithní de bhearta lena dtacaítear le hinbhuanaitheacht fhiachas na Gréige, rud a d'fhág go fusa a bhí conair na Gréig maidir le freastal ar a cuid fiachais agus go raibh costais i bhfad níos lú ann.

I bhfianaise an méid sin, i gcomhthéacs clár de cuid SCE a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus i gcomhréir le sprid an ráitis a rinne an Grúpa Euro i mí na Samhna 2012, tá an Grúpa Euro réidh le breathnú, más gá, ar bhearta breise ionchasacha (tréimhsí cairde agus íocaíochta níos faide) chun a áirithiú go ndéanfar na hollriachtanais mhaoiniúcháin a choinneáil ar leibhéal inbhuanaithe. Beidh na bearta sin coinníollach ar chur chun feidhme iomlán na mbeart a bheidh i gclár nua leis an nGréig agus breathnófar orthu nuair a thabharfar an chéad athbhreithniú chun críche go dearfach.

Dearbhaíonn Cruinniú Mullaigh an Limistéir Euro nach bhféadfar bearradh ainmniúil a dhéanamh ar an bhfiachas.

Athdhearbhaíonn údaráis na Gréige go bhfuil siad go huile is go hiomlán tiomanta do na hoibleagáidí airgeadais atá orthu i leith a gcuid creidiúnaithe uile a chomhlíonadh go hiomlán agus go tráthúil.

Ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile riachtanacha atá sa doiciméad seo, féadfaidh an Grúpa Euro agus Bord Gobharnóirí SCE, i gcomhréir le hAirteagal 13.2 de Chonradh SCE, sainordú a thabhairt do na hInstitiúidí clár nua de chuid SCE a chaibidliú, má chomhlíontar na réamhchoinníollacha atá in Airteagal 13 de Chonradh SCE ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 13.1.

Chun tacú leis an bhfás agus le cruthú na bpost sa Ghréig (sna 3 cinn nó 5 cinn de bhlianta amach romhainn), oibreoidh an Coimisiún go dlúth le húdaráis na Gréige chun suas le EUR 35 billiún a shlógadh (faoi chláir éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh) chun an infheistíocht agus an ghníomhaíocht eacnamaíoch a mhaoiniú, lena n-áiritear FMBanna. Mar bheart eisceachtúil, i bhfianaise chás sainiúil na Gréige, molfaidh an Coimisiún go ndéanfaí leibhéal an réamh-mhaoinithe a mhéadú de EUR 1 billiún chun dlús láithreach a chur faoin infheistíocht, a bheidh le socrú ag comhreachtóiri an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh deiseanna maoinithe don Ghréig freisin leis an Plean Infheistíochta don Eoraip.